Filleann an Feall!

Bhí na daltaí ar fad ag plódú isteach go torannach sa halla do thionól na maidine chun éisteacht leis an bpríomhoide ag caint. Tar éis tamaill d'éisteacht leis, thit corrdhalta ina chodladh le leamhthuirse. Lean Mr Normington ar aghaidh... bhí sé ag caint faoi dhrochiompar, eadaí scoile mícheart agus " go bhfóire Dia ar an chéad dhuine eile a chaith bruscar ar an urlár...' Ní raibh aon dalta sa halla ag éisteacht leis faoin am seo. "Iomathóirí don chomórtas damhsa á lorg.." Go tobann shuigh gach duine suas agus tháinig siad ar ais óna mbrionglóid. Bhí Mr Normington ag caint faoi chomórtás? Comortás damhsa? I mo scoil?! Bhris miongháire amach ar aghaidh na ndaltaí. Mhínigh sé go mbeadh comórtas damhsa Idirnáisunta Idirscoile ar siúl sa choláiste!! Bheadh daltaí ón bhFrainc, ón Íodail, ón tSín agus ó Mheiricéa ag fanacht inár gcoláiste! Bhí sceitimíní an domhain ar gach duine.

Tar éis cúpla seachtain fhada thuirling na daltaí idirnáisúnta inár scoil. Bhí mo chroí i mo bhéal! Bhí gach duine ar bís. Tosaíodh ar an traenáil damhsa lom láithreach! Níorbh daltaí cairdiúla iad ach ba dhamhsóirí ana oilte iad. Bhi siad ag caitheamh a chéile ar thaobh clé agus ar thaobh na deise! Ní raibh m' fhoireann abálta casadh mar sin gan titim ar an urlár! Bhí imní orainn ach bhí spreagadh againn. Leanamar ag cleachtadh go dian, dícheallach ó mhaidin go hoíche go dtí go raibh na cosa ag titim dínn. Ar deireadh thiar thall bhíomar lánchinnte go mbeadh seans maith againn an comortás a bhuachan! Dóchas dochreidte eadrainn?! Ó am go ham thugamar faoi deara duine ó fhoireann na Fraince ag féachaint orainn ag cleachtas ach níor thugamar aon aird orthu. An oíche roimh an gcomortás d'iarr na daltaí fraincise orainn dul amach le haghaidh dinnéar leo. Bhí athás an domhain orm. Ba maith linn a bheith cairdiúil leo agus bhí an deis iontach again. Bhuaileamar leo sa bhialann. Bhí ár mbia cheana ar an mbord. Bhí sé aisteach.. bhí pizza ar ár bplataí ach bhí pasta acu. Ní dúramar faic, b'fhéidir gur nós é sa Fhrainc a cheapamar. D'ith gach duine suas agus bhaineamar sult is spraoi as an oíche.

An mhaidin dár gcionn thit an lug ar an lag! Bhí mé agus gach duine ar m'fhoireann ag mothú tinn! Níor thuigeamar céard a tharla? Bhí gach duine chomh folláin le breac an lá roimhe. Ba mhistéir é. Chuaigh mé go dtí an dochtúir agus thóg sé sampla fola.

Duirt sé go raibh nimhíu bia agam! Bhí fearg an domhain orm! Gan a thuilleadh moille rith mé go dtí seomra an bhreithimh. Mhínigh mé an scéal dó faoin drochbia ar tugadh dúinn agus thaispeáin mé na torthaí ón sampla fola. Dhícháiligh sé foireann ón bhFrainc agus bogadh an comortás ar aghaidh seachtain amháin. Dúamar ‘’au revoir’’ leis na Francaigh!!

Le Bethan